



Uimhir 5 de 2014

AN tACHT UM BSL (LÍONRAÍ CUMARSÁIDE LEICTREONAÍ), 2014

[An tiontú oifigiúil]

CLÁR AN ÁBHAIR

Alt

1. Mínithe
2. Féadfaidh an Bord gabháil do líonraí cumarsáide leictreonaí agus do sheirbhísí cumarsáide leictreonaí
3. Féadfaidh an Bord rochtain ar a bhonneagar leictreachais a sholáthar do chuideachta eile
4. Líne leictreachais
5. Ceadanna slí trasna talún ag cuideachtaí ag a mbeidh rochtain á fáil ar bhonneagar leictreachais an Bhoird
6. Gan feidhm a bheith ag alt 53(2) den Phríomh-Acht
7. Caiteachais
8. Ainm Bhord Gáis Éireann a athrú go dtí Ervia
9. Gearrtheideal, comhlua, forléiriú agus tosach feidhme

NA hACHTANNA DÁ dTAGRAÍTEAR

Acquisition of Land (Assessment of Compensation) Act 1919 (9 & 10 Geo. V, c. 57)

Acht na gCuideachtaí, 1963 (Uimh. 33)

An tAcht Leictreachais (Soláthar) (Leasú), 1945 (Uimh. 12)

An tAcht Leictreachais (Soláthar), 1927 (Uimh. 27)

Na hAchtanna Leictreachais (Soláthar), 1927 go 2004

An tAcht um Rialáil Leictreachais, 1999 (Uimh. 23)

An tAcht Gáis, 1976 (Uimh. 30)



Uimhir 5 de 2014

AN tACHT UM BSL (LÍONRAÍ CUMARSÁIDE LEICTREONAÍ), 2014

[An tiontú oifigiúil]

Acht dá chumasú do Bhord Soláthair an Leictreachais gabháil do líonraí cumarsáide leictreonaí agus do sheirbhísí cumarsáide leictreonaí, do mhíniú na brí atá le líne leictreachais, d'athrú ainm Bhord Gáis Éireann agus do dhéanamh socrú i dtaobh nithe gaolmhara.

[18 Márta 2014]

Achtaítear ag an Oireachtas mar a leanas:

Mínithe

1. San Acht seo—

ciallaíonn “Bord” Bord Soláthair an Leictreachais;

ciallaíonn “cuideachta”—

(a) cuideachta arna foirmiú agus arna clárú faoi Acht na gCuideachtaí, 1963, nó

(b) comhlacht arna bhunú faoi dhlíthe stáit, seachas an Stát, agus a fhreagraíonn do chomhlacht dá dtagraítear i *mír (a)*;

ciallaíonn “bonneagar leictreachais” aon chóras tarchurtha nó córas dáilte, lena n-áirítear aon líne leictreachais;

ciallaíonn “líonra cumarsáide leictreonaí” córais tarchuir agus, más infheidhme—

(a) trealaimh lascacháin nó trealaimh ródúcháin, agus

(b) trealamh eile,

lena n-áirítear eilimintí líonra nach bhfuil gníomhach, trínar féidir comharthaí a sheoladh de shreang, ar raidió, trí mheán optúil nó meán leictreamaighnéadach eile, agus foláíonn seoladh den sórt sin úsáid a bhaint as na nithe seo a leanas—

(i) líonraí satailíte,

(ii) líonraí trastíre fosaithe (idir líonraí ciorcadlasctha agus líonraí paicéadlasctha, lena n-áirítear an t-idirlíon),

- (iii) líonraí trastíre soghluaiste,
- (iv) córais cáblaí leictreachais, a mhéid a úsáidtear iad chun comharthaí a tharchur,
- (v) líonraí a úsáidtear le haghaidh craolachán raidió nó craolachán teilifíse nó lena n-aghaidh araon, agus
- (vi) líonraí cáblatheilifíse,

is cuma cén cineál faisnéise a sheoltar;

ciallaíonn “seirbhís cumarsáide leictreonaí” seirbhís a sholáthraítear de ghnáth le haghaidh luach saothair agus arb é atá inti, go hiomlán nó go formhór, seoladh comharthaí ar líonraí cumarsáide leictreonaí, lena n-áirítear seirbhísí teileachumarsáide agus seirbhísí tarchurtha i líonraí a úsáidtear le haghaidh craolacháin, ach ní fholaíonn sé—

- (a) seirbhísí lena soláthraítear ábhar a tharchuirtear trí líonraí agus seirbhísí cumarsáide leictreonaí a úsáid nó lena bhfeidhmítear rialú eagarthóireachta ar ábhar den sórt sin, ná
- (b) seirbhísí sochaí faisnéise (de réir bhrí Airteagal 1 de Threoir 98/34/CE an 22 Meitheamh 1998 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹) nach é atá iontu, go hiomlán nó go formhór, seoladh comharthaí ar líonraí cumarsáide leictreonaí;

ciallaíonn “Aire” an tAire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha;

ciallaíonn “Príomh-Acht” an tAcht Leictreachais (Soláthar), 1927.

Féadfaidh an Bord gabháil do líonraí cumarsáide leictreonaí agus do sheirbhísí cumarsáide leictreonaí

2. Féadfaidh an Bord gabháil do gach gnó nó d’aon ghnó díobh seo a leanas—

- (a) bonneagar líonraí cumarsáide leictreonaí agus seirbhísí cumarsáide leictreonaí a fhorbairt,
- (b) aon seirbhís i dtaca le bonneagar líonraí cumarsáide leictreonaí agus seirbhísí cumarsáide leictreonaí a léasú, a cheadúnú agus a dhíol agus, thairis sin, aon seirbhís den sórt sin a sholáthar, úsáid a bhaint as aon seirbhís den sórt sin agus gabháil d’aon seirbhís den sórt sin, agus
- (c) líonraí cumarsáide leictreonaí nó seirbhísí cumarsáide leictreonaí, nó iad araon, cibé acu ar bhonn mórdhíola nó miondhíola,

i ngach cás díobh ina aonar nó i dteannta aon chuideachta eile agus beidh na cumhachtaí sin go léir aige is gá agus is fóirsteanach chun na críche sin.

Féadfaidh an Bord rochtain ar a bhonneagar leictreachais a sholáthar do chuideachta eile

3. Féadfaidh an Bord na nithe seo a leanas a sholáthar d’aon chuideachta—

- (a) rochtain ar aon bhonneagar leictreachais de chuid an Bhoird chun a chumasú don chuideachta líonraí cumarsáide leictreonaí agus seirbhísí cumarsáide leictreonaí a fhorbairt, agus

¹ IO Uimh. L204, 21.7, 1998, lch. 37.

(b) seirbhísí d'aon chineál chun forbairt den sórt sin a éascú.

Líne leictreachais

4. (1) Cibé áit a bhfuil tagairt do líne leictreachais sna *hAchtanna um BSL, 1927 go 2014*, forléireofar í agus beidh éifeacht léi agus measfar go raibh éifeacht léi riamh mar thagairt a chiallaíonn aon líne a úsáidtear d'aontoisc nó i measc nithe eile chun leictreachas a iompar chun críche ar bith agus mar thagairt a fholaíonn—

(a) aon taca le haghaidh aon líne den sórt sin, is é sin le rá, aon déanamhas, cuaille nó rud eile inar féidir, ar ar féidir, ag ar féidir nó ónar féidir taca a thabhairt d'aon líne den sórt sin, í a iompar nó í a chrochadh,

(b) aon ghairreas atá i gceangal nó ag gabháil le haon líne den sórt sin chun leictreachas nó seirbhísí cumarsáide leictreonaí a iompar, cibé acu atá an ghairreas sin ar úinéireacht ag an mBord nó ag aon chuideachta dá dtagraítear in *alt 2* nó ag cuideachta ar soláthraíodh rochtain nó seirbhísí dá dtagraítear in *alt 3* di, nó

(c) aon sreang, cábla, feadán, píopa nó rud dá shamhail sin (lena n-áirítear an chásáil nó an chótáil atá air nó uirthi) a úsáidtear chun leictreachas nó seirbhísí cumarsáide leictreonaí a iompar agus atá timpeall aon líne den sórt sin nó a thugann taca di nó a fheistítear go han-chóngarach di nó a bhfuil aon líne den sórt sin timpeall air nó uirthi nó ag tabhairt taca dó nó di, nó a dtugtar taca dó nó di, a iompraítear nó a chrochtar i bpáirt le haon líne den sórt sin.

(2) In *alt 51(1)* den *Phríomh-Acht*, léifear tagairt do línte, agus measfar gur léadh tagairt do línte riamh, mar thagairt do línte leictreachais (de réir bhrí *fho-alt (1)* den *alt seo*).

(3) Leasaítear *alt 2(1)* den *Acht um Rialáil Leictreachais, 1999* tríd an méid seo a leanas a chur in ionad an mhíithe ar “líne leictreachais”:

“tá le ‘líne leictreachais’ an bhrí a shanntar dó le *halt 4(1)* den *Acht um BSL (Líonraí Cumarsáide Leictreonaí), 2014*.”

(4) Aisghairtear fo-ailt (2) agus (3) d’alt 46 den *Acht Leictreachais (Soláthar) (Leasú), 1945*.

Ceadanna slí trasna talún ag cuideachtaí ag a mbeidh rochtain á fáil ar bhonneagar leictreachais an Bhoird

5. (1) I gcás go soláthróidh an Bord rochtain ar aon bhonneagar leictreachais de chuid an Bhoird do chuideachta faoi *alt 3*, féadfaidh an chuideachta sin, le toiliú an Choimisiúin um Rialáil Fuinnimh, chun críche na rochtana sin, na cumhachtaí a thugtar don Bhord le fo-ailt (1), (3), (4), (5) agus (9) d’alt 53 den *Phríomh-Acht* a fheidhmiú agus léifear an t-alt sin dá réir sin.

(2) Chun críocha *fho-alt (1)*, folaíonn tagairt san *Acquisition of Land (Assessment of Compensation) Act 1919* d’údarás poiblí tagairt do chuideachta dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)*.

Gan feidhm a bheith ag alt 53(2) den Phríomh-Acht

6. I gcás go ngabhfaidh an Bord d’aon cheann de na gnóthaí dá dtagraítear in *alt 2* ina aonar nó i dteannta cuideachta eile nó go soláthróidh sé rochtain nó seirbhísí dá

dtagraítear in *alt 3* do chuideachta, ní bheidh feidhm ag fo-alt (2) d'alt 53 den Phríomh-Acht i leith an ghnó, na rochtana nó na seirbhíse, de réir mar a bheidh.

Caiteachais

7. Déanfar na caiteachais a thabhoídh an tAire ag riaradh an Achta seo a íoc, a mhéid a cheadóidh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe é, as airgead a sholáthróidh an tOireachtas.

Ainm Bhord Gáis Éireann a athrú go dtí Ervia

8. (1) Ar agus ó cibé cibé lá a cheapfaidh an tAire le hordú, is é Ervia ainm an chomhlachta (a bunaíodh le halt 7 den Acht Gáis, 1976) arb é Bord Gáis Éireann an t-ainm reatha atá air sa Ghaeilge agus *The Irish Gas Board* an t-ainm reatha atá air sa Bhéarla.

(2) Déanfar tagairtí in aon achtachán, ionstraim reachtúil, imeachtaí dlí nó aon doiciméad eile do Bhord Gáis Éireann nó do *The Irish Gas Board* a fhorléiriú, ar an agus ón lá a cheapfar faoi *fho-alt (1)*, mar thagairtí do Ervia.

Gearrtheideal, comhlua, forléiriú agus tosach feidhme

9. (1) Féadfar an tAcht um BSL (Líonraí Cumarsáide Leictreonaí), 2014 a ghairm den Acht seo.

(2) Féadfar na hAchtanna um BSL, 1927 go 2014 a ghairm de na hAchtanna Leictreachais (Soláthar), 1927 go 2004 agus den Acht seo le chéile agus léifear le chéile iad mar aon ní amháin.

(3) Tiocfaidh an tAcht seo i ngníomh cibé lá nó laethanta a cheapfaidh an tAire le hordú nó le horduithe i gcoitinne nó faoi threoir aon chríoch nó foráil áirithe agus féadfar laethanta éagsúla a cheapadh amhlaidh chun críoch éagsúil agus le haghaidh forálacha éagsúla.